C/2024/6863

28.11.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Hidrigin – bonneagar, riachtanais forbartha, maoiniú, úsáid agus teorainneacha

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/6863)

Rapóirtéir: **Thomas KATTNIG**

Comhairleoir	Joel TÖLGYES (thar ceann rapóirtéara Ghr. II)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	An Rannóg um Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise
Dáta a glactha sa rannóg	18.7.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	18.9.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	590
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	171/0/2

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Aithníonn CESE a thábhachtaí atá sé hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin a leathadh amach go tapa don chóras fuinnimh a bheidh ann amach anseo, agus do dhea-bhail eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais, lena n-áirítear iomaíochas an Aontais le réigiúin eacnamaíocha eile. Mar gheall ar na dúshláin shuntasacha a bhaineann le soláthar, éileamh agus bonneagar a chruthú, ní mór úsáid hidrigine a dhíriú i dtús báire ar earnálacha ar deacair iad a leictriú agus mar mhodh stórála fuinnimh.

1.2. I bhfianaise spriocanna aeráide an Aontais, agus i gcomhréir le critéir chistiúcháin an Bhainc Hidrigine Eorpaigh, is hidrigin in-athnuaite go príomha, mar a shainmhínítear í i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún ([1]), ba cheart a bheith incháilithe chun cistiú poiblí a fháil. Mar sin féin, aithníonn CESE, go háirithe le linn na hidirthréimhse, nach mór leas a bhaint as cineálacha eile hidrigine agus gás in-athnuaite agus ísealcharbóin mar a shainítear iad sa Phacáiste maidir leis an Margadh Hidrigine agus Gáis Dhícharbónaithe.

1.3. Cé is moite de chritéir éiceolaíocha a áirithiú, ní mór do scéimeanna deimhniúcháin caighdeáin shóisialta a ráthú freisin. Ní mór dálaí oibre atá cóir agus sábháilte agus comhlíonadh ceart saothair, sóisialta agus ceardchumainn a bheith san áireamh sna caighdeáin sin. Ní mór do chomhlacht lárnach de chuid an Aontais scéimeanna deimhniúcháin agus fíoraithe a chur chun feidhme agus níor cheart rannpháirtíocht cuideachtaí i scéimeanna deonacha deimhniúcháin a chur ina n-ionad.

1.4. Aithníonn CESE a thábhachtaí atá bonneagar píblíne chun hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin a leathadh amach go tapa. Ós rud é go mbeidh costais shuntasacha i gceist le bonneagar iompair a thógáil, cuireann CESE i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé acmhainní a leithdháileadh ar bhealach éifeachtúil. Chuige sin, beidh gá le pleanáil chliste chomhtháite, lena n-áirítear thar theorainneacha, agus córas rialála lena gcumasófar na hinfheistíochtaí is gá sa bhonneagar agus, ag an am céanna, inbhuanaitheacht chomhshaoil an chórais fuinnimh ina iomláine a chur chun cinn agus úsáideoirí gréasáin a chosaint ar mhuirir iomarcacha ghréasáin.

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodheolaíocht de chuid an Aontais a bhunú ina leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir le táirgeadh breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (IO L 157, 20.6.2023, lch. 11).

1.5. Aithníonn CESE go bhféadfaí sineirgí a chur ar fáil ó thaobh fios gnó agus fostaithe oilte de dá gceadófaí d'oibreoirí eangacha gáis eangacha hidrigine a oibriú. Ciallaíonn sé seo, áfach, go mbeidh ar fhostaithe atá ann cheana an oiliúint chuí a fháil agus go gcaithfear an lucht saothair a chothabháil trí dhálaí maithe oibre a thairiscint. Mar shampla, ní mór d'oibreoirí gréasáin a bheith faoi cheangal ag gnáth-chomhaontuithe comhchoiteanna agus ní mór na dálaí oibre a fheabhsú chun lucht saothair oilte a mhealladh. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh idirphlé sóisialta éifeachtúil dochloíte ann in earnáil an gháis ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

1.6. I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar tharaifí na n-eangach gáis mar gheall ar dhícharbónú an chórais fuinnimh agus úsáid na n-eangach gáis a bheith ag laghdú ina dhiaidh sin, is cinnte gur gá ualaí breise, cuir i gcás tras-fhóirdheonú na n-eangach hidrigine ag úsáideoirí na n-eangach gáis, a sheachaint. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin ós rud é go bhfuil difríocht mhór idir úsáideoirí bhonneagar na n-eangach hidrigine amach anseo (i.e. earnálacha sonracha tionscail) agus úsáideoirí eangacha gáis an lae inniu (tionscal, FBManna agus teaghlaigh). Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, an prionsabal 'íoc mar a úsáidtear' a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir agus, ar an gcaoi sin, a áirithiú gurb iad úsáideoirí an bhonneagair sin a mhaoineoidh an bonneagar hidrigine go príomha, lena n-áirítear iad siúd a chuireann hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin isteach sa ghréasán.

1.7. Sna céimeanna luatha de chur i bhfeidhm an bhonneagair hidrigine go háirithe, d'fhéadfadh cistiú rialtais an maoiniú atá bunaithe ar íocaíochtaí na n-úsáideoirí a chomhlánú trí bhíthin taraifí gréasáin. Go sonrach, d'fhéadfadh cistiú rialtais cabhrú le costais na ngréasán a scaipeadh thar thréimhse níos faide. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go mbeadh cistiú den sórt sin ar leibhéal iomchuí, bunaithe ar bhreithnithe costais is tairbhe, agus go gcloífí go docht leis an bprionsabal 'íoc mar a úsáidtear'. Ní mór d'úsáideoirí gréasáin ina dhiaidh sin sciar leordhóthanach de na costais a bhaineann le forbairt an bhonneagair a íoc. Ní mór dícheall a dhéanamh gan ionstraimí airgeadais a thabhairt isteach a mbeadh rioscaí iomarcacha don earnáil phoiblí mar thoradh orthu fad agus a bheadh an brabús ó úsáid bonneagair gréasáin gáis á phríobháidiú. Ina theannta sin, ba cheart píblínte ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chistiú, i bpáirt ar a laghad, le hacmhainní comhchoiteanna airgeadais. Ba cheart, dá bhrí sin, tacaíocht den sórt sin a chuirtear ar fáil faoi liosta na dtionscadal ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a leathnú. I gcás ar bith, ní mór tacaíocht airgeadais phoiblí a cheangal le coinníollachtaí sóisialta agus éiceolaíocha.

2. **Cúlra**

2.1. Go pointe áirithe, beidh gá le hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin, mar a shainmhínítear í i Rialachán Tarmligthe 2023/1184 ón gCoimisiún agus sa Phacáiste maidir leis an Margadh Hidrigine agus Gáis Dhícharbónaithe, a úsáid in éineacht leis an leictriú. Is fíor sin, mar shampla, i gcás próisis táirgthe ar deacair iad a leictriú, i gcás ina bhfuil gá le hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin mar thoisc táirgeachta, amhail i dtionscail na cruach, na gceimiceán agus na stroighne, agus i gcás breoslaí inbhuanaithe d'earnálacha na heitlíochta, an iompair tromshaothair agus an mhuiriompair. Beidh gá freisin, mar atá cúrsaí faoi láthair, le hidrigin in-athnuaite a úsáid chun earnáil an leictreachais a thiontú go giniúint leictreachais in-athnuaite. Tar éis an tsaoil, ós rud é go bhfuil giniúint leictreachais in-athnuaite luaineach, is féidir ról a bheith ag hidrigin in-athnuaite i stóráil cumhachta shéasúrach.

2.2. Cinnteacht an tsoláthair sa chóras fuinnimh, cinntí táirgthe agus suímh, agus dá bhrí sin poist, tá siad ar fad ag brath ar dhlús a chur faoin táirgeadh agus faoin dáileadh san Eoraip. I ndáil leis an méid sin, déanann CESE tagairt freisin dá thuairim *I dTreo an Bhainc Hidrigine Eorpaigh*.

2.3. Tá cuid mhaith éiginnteachtaí ag baint le borradh na hidrigine ar thaobh an tsoláthair agus ar thaobh an éilimh araon. Tá na héiginnteachtaí sin idirspleách, agus ní hé go mbaineann siad leis an Aontas amháin mar tá na héiginnteachtaí céanna ar fud an domhain. Faoi 2050, beidh gá le hacmhainneacht leictrealaithe suiteáilte domhanda a mhéadú go dtí 6 000-8 000 oiread na hacmhainneachta suiteáilte atá ann faoi láthair, agus ag an am céanna beidh gá le méadú faoi dheich ar acmhainneacht giniúna leictreachais in-athnuaite.

2.4. Ardaíonn allmhairí hidrigine ceisteanna freisin maidir le spleáchas ar thríú tíortha áirithe a sheachaint, maidir leis na dálaí oibre agus táirgthe, agus maidir le tionchar na n-allmhairí sin ar shlándáil fuinnimh na dtíortha sin.

2.5. Ní hiad na réigiúin ag a bhfuil an acmhainneacht táirgthe hidrigine is mó na réigiúin ina bhfuil an t-éileamh is mó ar hidrigin. Dá bhrí sin, tá soláthar hidrigine (lena n-áirítear allmhairí) agus an t-éileamh ar hidrigin araon ag brath go mór ar an mbonneagar hidrigine a bheidh ann amach anseo. Laistigh den Aontas, is é an t-iompar trí ghréasáin hidrigine is mó atá i gceist, rud a fhágann go mb'fhéidir go mba ghá na píblínte gáis atá ann cheana a athrú go hiompar hidrigine nó píblínte nua a thógáil fiú. Tá sé curtha in iúl ag CESE i dtuairim TEN/823 a thábhachtaí atá bonneagar fuinnimh trasteorann. Ina theannta sin, is féidir difríochtaí a bheith idir soláthar agus éileamh freisin toisc nach ionann i gcónaí tráth an táirgthe agus tráth na húsáide. Dá bhrí sin, ba cheart saoráidí stórála a bhunú freisin mar chuid d'fhorbairt bonneagair hidrigine.

2.6. Is minic bonneagar fuinnimh á mhaoiniú faoi láthair trí bhíthin muirir ar úsáideoirí. De réir an chomhaontaithe thríthaobhaigh maidir le pacáiste an mhargaidh inmheánaigh gáis ([2]), is amhlaidh a bheidh i gcás gréasáin hidrigine amach anseo freisin: is iad na húsáideoirí gréasáin a chumhdóidh costais na hinfheistíochta, na hoibríochta agus na cothabhála. Is é an buntáiste a bhaineann leis an gcineál sin maoinithe is ea go léireofar an úsáid iarbhír má dhéantar i gceart é.

2.7. Mar sin féin, tá fadhbanna ann maidir leis na costais a bhaineann le gréasáin hidrigine a mhaoiniú a scaipeadh thar thréimhse ama níos faide. Ar dtús, bheadh ar líon beag úsáideoirí aghaidh a thabhairt ar chostais arda, rud nach gcuirfeadh coinníollacha fabhracha ar fáil maidir le táirgeadh agus úsáid hidrigine a leathadh amach.

2.8. Ina theannta sin, níl coinníollacha maithe ann faoi láthair le haghaidh infheistíochtaí sa chlaochlú glas, amhail infheistíocht sa bhonneagar fuinnimh nó i leictrealóirí. Ós rud é gur mhéadaigh na bainc cheannais na rátaí úis mar fhreagairt ar an méadú ar an mboilsciú, tá na costais chaipitil ardaithe anois freisin.

2.9. Sa tuarascáil is déanaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa' ([3]), tugadh le fios go bhfuil ró-uaillmhian i gceist le spriocanna an Choimisiúin Eorpaigh maidir le táirgeadh agus úsáid na hidrigine in-athnuaite faoi 2030. Iarrann na hiniúchóirí ar an gCoimisiún an straitéis hidrigine a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe chun cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir leis an mbealach chun cinn tar éis an cás a mheas, gan spleáchais straitéiseacha nua a chruthú, d'fhonn treochlár de chuid an Aontais a shainiú agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn, sonraí iontaofa a fháil maidir leis an gcistiú náisiúnta agus measúnú iomchuí a dhéanamh ar leordhóthanacht scéimeanna cistiúcháin an Aontais, faireachán a dhéanamh ar na nósanna imeachta formheasa sna Ballstáit agus cinneadh soiléir a dhéanamh faoi na bearta tacaíochta agus comhordúcháin a dhéanfar i gcomhar le tionscal na hidrigine agus ar a shon. Is díol sásaimh do CESE an tuarascáil sin agus measann sé gur deimhniú í ar a chuid smaointe i dtaobh margadh hidrigine a chruthú. Ní mór an slabhra luacha iomlán a neartú agus na hinfheistíochtaí riachtanacha a áirithiú. Ina theannta sin, ní mór tosaíocht a thabhairt don hidrigin sna hearnálacha sin is mó ina bhfuil géarghá léi, ós rud é nach mbeidh an oiread céanna hidrigine ar fáil agus a raibh an Coimisiún ag súil leis ar dtús.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Dar le CESE, tá sé thar a bheith tábhachtach hidrigin a leathadh amach go tapa. Chun gur féidir an méid sin a dhéanamh, is gá dlús a chur le monarú leictrealóirí, an táirgeadh leictreachais ghlain is gá a úsáid, an bonneagar iomchuí a chur ar bun, dáileadh cothrom na gcostas gaolmhar agus úsáid éifeachtúil na n-acmhainní airgeadais, agus an hidrigin féin, a áirithiú.

3.2. Fágann an infhaighteacht theoranta, agus na dúshláin shuntasacha atá ann cheana féin a bhaineann le soláthar, éileamh agus bonneagar a chruthú, go mbeidh gá le cur chuige atá éifeachtúil ó thaobh costais agus acmhainní de. Tugann sé sin le tuiscint nach mór úsáid hidrigine a dhíriú, i dtús báire, ar réimsí ar deacair iad a leictriú.

3.3. Chun na spriocanna aeráide a bhaint amach, creideann CESE gur cheart hidrigin in-athnuaite a úsáid den chuid is mó, mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún agus sa Phacáiste maidir leis an Margadh Hidrigine agus Gáis Dhícharbónaithe. Ag an am céanna, tuigeann CESE go bhfuil próisis eile táirgthe hidrigine ísealcharbóin ann a mbeidh gá a úsáid le linn na hidirthréimhse, ós rud é gur dócha go mbeidh an t-éileamh ar hidrigin níos airde ná an soláthar le linn na hidirthréimhse sin. Dá bhrí sin, molann CESE meastóireacht a dhéanamh sa tréimhse sin ar an gcistiú poiblí a thugtar do phróisis eile táirgthe ísealcharbóin. I gcás ar bith, níor cheart cistiú poiblí a dheonú ach maidir le próisis táirgthe a bhfuil déine fhoriomlán a n-astaíochtaí (lena n-áirítear astaíochtaí indíreacha) inchomparáide le táirgeadh na hidrigine in-athnuaite. Ós rud é go bhfreastalófar go páirteach ar an éileamh ar hidrigin amach anseo le hallmhairí, ní mór an tosaíocht a thugtar don hidrigin in-athnuaite a chur i bhfeidhm freisin maidir leis an hidrigin allmhairithe.

3.4. Tá CESE den tuairim nach mór luachanna Eorpacha a urramú nuair atá hidrigin á hallmhairiú agus nuair atá aon chomhaontú is gá á thabhairt i gcrích le tríú tíortha chun na críche sin. Ní mór dálaí oibre córa agus sábháilte ar an láthair agus comhlíonadh ceart saothair, sóisialta agus ceardchumainn a ráthú. Ina theannta sin, ní mór na réaltachtaí geografacha (e.g. cumais agus acmhainneachtaí táirgthe agus onnmhairithe tíre) agus spriocanna neamhspleáchais straitéisigh an Aontais a chur san áireamh.

([2]) Féach an comhaontú sealadach i ndáil leis an Rialachán maidir leis an Margadh Inmheánach Gáis agus an an comhaontú sealadach i ndáil leis an Treoir maidir leis an Margadh Inmheánach Gáis.

([3]) *The EU's industrial policy on renewable hydrogen, Legal framework has been mostly adopted – time for a reality check*, Tuarascáil speisialta CIE 11/2024.

3.5. Bealach amháin chun caighdeáin aeráide, chomhshaoil agus cosanta oibrithe a fhorfheidhmiú i ndáil le hidrigin is ea ráthaíochtaí tiomnaithe sóisialta agus éiceolaíocha a thabhairt isteach maidir le tionscnamh hidrigine. Tá sé tábhachtach go n-áireofaí sna ráthaíochtaí sin ceanglais éigeantacha chun mí-úsáid a sheachaint agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an hidrigin, a dheimhnítear mar hidrigin 'in-athnuaite', na critéir shóisialta agus éiceolaíocha atá le sainiú. Cé go bhfuil rialacha soiléire maidir le haicmiú hidrigine in-athnuaite in RED III anois, tá an nós imeachta maidir le hallmhairí fós doiléir. Dar le CESE, tá sé tábhachtach go léireodh ráthaíochtaí tionscnaimh úsáid iarbhír an leictreachais in-athnuaite chun hidrigin a tháirgeadh, go mbeadh gaireacht fhisiceach agus ama ann idir táirgeadh leictreachais agus táirgeadh hidrigine, agus nach mbrúfaí amach réimsí eile ina gcuirtear leictreachas in-athnuaite i bhfeidhm. Measann CESE gur cheart don Aontas, a mhéid is féidir, a bheith ar thús cadhnaíochta le rialacha aonfhoirmeacha soiléire chun gur féidir leis bheith ina cheannaire domhanda. Ní mór do chomhlacht lárnach Eorpach scéimeanna deimhniúcháin agus fíoraithe a úsáid le haghaidh allmhairí agus níor cheart rannpháirtíocht cuideachtaí i scéimeanna deonacha deimhniúcháin a chur ina n-ionad.

3.6. Beidh ról tábhachtach ag hidrigin freisin maidir leis an gcóras leictreachais a chobhsú amach anseo. Is minic a bheidh farasbarr leictreachais mar thoradh ar tháirgeadh leictreachais in-athnuaite, ag brath ar an aimsir agus ar shéasúir, ach is féidir hidrigin a úsáid mar stóráil i gcásanna den sórt sin. Ina theannta sin, is féidir táirgeadh hidrigine a úsáid freisin chun an gréasán leictreachais a chobhsú, mar a cuireadh in iúl i dtuairim TEN/827. D'fhéadfadh sé sin laghdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an líonra leictreachais a leathnú agus costais an leathnaithe sin a laghdú.

3.7. Baineann costais shuntasacha infheistíochta le bonneagar gréasáin gáis atá ann cheana a thiontú agus le bonneagar hidrigine a leathnú. Chun costais eacnamaíocha a íoslaghdú, ní mór cur chuige atá éifeachtúil ó thaobh costais agus acmhainní de a ghlacadh. Chuige sin, beidh gá le pleanáil chliste chomhtháite, lena n-áirítear pleanáil thar theorainneacha (féach tuairim TEN/823); ba cheart an phleanáil sin a chomhordú le pleananna straitéiseacha ábhartha eile, amhail straitéisí dícharbónaithe tionsclaíocha agus pleanáil baile atá dírithe ar fhuinneamh, agus ba cheart í a bheith faoi réir measúnú costais agus tairbhe i gcónaí.

3.8. D'fhonn glacadh le forbairt bonneagar hidrigine a mhéadú, lena n-áirítear leictrealóirí agus acmhainneachtaí méadaithe giniúna, tá béim á leagan ag CESE ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht éifeachtach na saoránach, mar a cuireadh in iúl i dtuairim TEN/827.

3.9. Cosúil le gréasáin leictreachais agus gáis, is monaplacht nádúrtha iad na gréasáin hidrigine, rud a thugann cumhacht mhonaplachta d'oibreoirí gréasáin a chuirfeadh ar a gcumas muirir iomarcacha úsáideora a fhorchur. Dá bhrí sin, tá gá le rialáil lena n-áiritheofaí ardleibhéal slándála soláthair agus cúiteamh leordhóthanach d'oibreoirí gréasáin lena gcumasófaí na hinfheistíochtaí is gá sa bhonneagar agus inbhuanaitheacht chomhshaoil an chórais fuinnimh ina iomláine á cur chun cinn ag an am céanna. Ina theannta sin, ní mór úsáideoirí na ngréasán a chosaint ar mhuirir iomarcacha trí bhíthin na rialála lena n-áiritheofar go mbeidh gníomhaíochtaí na n-oibreoirí gréasán costéifeachtach, agus ar an gcaoi sin inacmhainneacht a áirithiú, rud a d'athdhearbhaigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa le déanaí ([4]).

3.10. Má bhíonn gréasáin hidrigine á n-oibriú amach anseo ag gnólachtaí a oibríonn gréasáin gáis cheana féin, d'fhéadfadh an méid sin sineirgí a chur ar fáil a mbeadh tairbhí ag baint leo, má bhíonn an fios gnó agus fostaithe a bhfuil na scileanna iomchuí acu ar fáil. Ciallaíonn sé seo, áfach, go mbeidh ar fhostaithe atá ann cheana an oiliúint chuí a fháil agus go gcaithfear an lucht saothair a chothabháil trí dhálaí maithe oibre a thairiscint. Mar shampla, ní mór d'oibreoirí gréasáin bheith faoi cheangal ag gnáth-chomhaontuithe comhchoiteanna (féach tuairim TEN/827). Ina theannta sin, chun lucht saothair oilte a aimsiú, tá gá le dálaí oibre tarraingteacha ar ardchaighdeán. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí bhearta a thabhairt isteach atá dírithe ar chomhionannas inscne a fheabhsú, bearta dearbhaithe cáilíochta maidir le sábháilteacht agus sláinte, rialacháin saothair a fhorfheidhmiú agus comhairlí oibrithe a bhunú. Is spreagadh tábhachtach é Idirphlé Sóisialta an Aontais maidir leis sin, agus é d'aidhm ag Dearbhú Val Duchesse é a neartú. Le bearta comhpháirtíochta sóisialta, neartaítear an geilleagar agus an comhtháthú sóisialta. Tá CESE ag iarraidh, dá bhrí sin, go mbeadh idirphlé sóisialta éifeachtach fóinteach ann in earnáil an gháis ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta.

([4]) *Leakages remain in the EU's gas supplies*, Nuacht CIE, 24 Meitheamh 2024.

3.11. Mar aon leis na tairbhí a bhaineann le sineirgí, áfach, d'fhéadfadh tras-fhóirdheonú a bheith mar thoradh ar an dé-oibríocht sin, agus costais oibriúcháin agus chothabhála á dtrasmhaoiniú trí chistiú an ghréasáin gáis. Leis an dréacht tríthaobhach den Rialachán maidir leis an Margadh Inmheánach Gáis, d'fhéadfaí tras-fhóirdheonú den sórt sin a dhéanamh in imthosca áirithe. Is fadhb é sin toisc go bhfuil na grúpaí úsáideoirí le haghaidh bonneagar hidrigine difriúil ó na grúpaí úsáideoirí le haghaidh bonneagar gáis: ní bhainfidh gnólachtaí ná teaghlaigh bheaga úsáid as hidrigin amach anseo, ach fós féin, dá dtarlódh tras-fhóirdheonú, bheidís ag cur le costais an bhonneagair hidrigine. Sna blianta amach romhainn, beidh ar úsáideoirí gréasáin gáis aghaidh a thabhairt ar mhuirir ghréasáin mhéadaithe de réir mar a thiocfaidh laghdú ar mhéid na líonraí gáis agus de réir mar a chuirfear deireadh de réir a chéile le gás ós rud é go mbeidh ar níos lú úsáideoirí ná riamh costais bhonneagar an ghréasáin gáis a sheasamh. Tá fadhbanna ar leith ag baint leis an treocht sin, ar cúis imní í freisin ó thaobh cosaint tomhaltóirí de, d'úsáideoirí a bhfuil bacainní scoir rompu (e.g. tionóntaí nó teaghlaigh ar ioncam íseal nach bhfuil sé d'acmhainn acu a gcóras téimh a athsholáthar). Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, an prionsabal 'íoc mar a úsáidtear' a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir agus, ar an gcaoi sin, a áirithiú gurb iad úsáideoirí an bhonneagair sin a mhaoineoidh an bonneagar hidrigine go príomha. Chuige sin, beidh gá le deighilt dhian rialála idir sócmhainní seasta.

3.12. Ciallaíonn an prionsabal 'íoc mar a úsáidtear' freisin gur cheart an bonneagar a mhaoiniú ní hamháin ag tomhaltóirí ach freisin acu siúd a chuireann leis an ngréasán, ós rud é gur léir ag an gcéim reatha de leathadh amach na hidrigine go bhfuil soláthróirí agus tomhaltóirí hidrigine araon ag brath ar an mbonneagar. Dar le CESE, ba cheart a mheas gur sampla diúltach é dáileadh an-éagothrom chostais na n-eangach leictreachais idir soláthróirí agus tomhaltóirí ar fud an Aontais, mar a cuireadh in iúl i dtuairim TEN/823 agus i dtuairim TEN/827. Dá bhrí sin, ní mór muirir úsáide líonra a chur i bhfeidhm ní hamháin ar cheannach ach ar sholáthar leictreachais freisin, agus cothromaíocht atá i gcomhréir leis an bprionsabal 'íoc mar a úsáidtear' á cur san áireamh.

3.13. Is féidir le cistiú nuathionscanta (páirteach) – go háirithe sna céimeanna luatha de leathadh amach an bhonneagair hidrigine – ó ioncam cánach a bheith mar chuid de réiteach iomlánaíoch agus cabhrú le costais ghréasáin a scaipeadh thar thréimhse ama níos faide. D'fhéadfadh tacaíocht den sórt sin an leas eacnamaíoch foriomlán a bhaineann le bonneagar hidrigine a leathnú a léiriú. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go mbeadh leibhéal an chistiúcháin sin i gceart, go mbeadh sé bunaithe ar bhreithnithe costais is tairbhe, agus go gcloífí go docht leis an bprionsabal 'íoc mar a úsáidtear'. Ba cheart dícheall a dhéanamh gan ionstraimí airgeadais a thabhairt isteach a mbeadh rioscaí iomarcacha don earnáil phoiblí mar thoradh orthu fad agus a bheadh an brabús ó úsáid bonneagair gréasáin gáis á phríobháidiú. Ní mór toradh iomchuí ar infheistíochtaí a bheith ag gabháil le cistiú poiblí do na húdaráis phoiblí.

3.14. Cuirtear moill ar an aistriú fuinnimh, lena n-áirítear na hinfheistíochtaí is gá in earnáil na hidrigine, mar gheall ar na costais chaipitil atá méadaithe go mór de dheasca rátaí úis níos airde. Tá roghanna ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) chun idirghabháil a dhéanamh ina leith sin, toisc go dtagann tacaíocht don aistriú fuinnimh sa limistéar euro agus san Aontas ar fad le sainordú BCE. Le scéim iasachtaithe difreáilte ghlas, tá ionstraim a d'fhéadfadh a bheith éifeachtach ar fáil do BCE chun an t-aistriú fuinnimh a chur chun cinn agus chun a phríomhchuspóir maidir le cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach. Is féidir an ionstraim sin a ghlacadh i bhfoirm leagan níos glaise den ionstraim ar éirigh léi roimhe seo, Oibríocht Athmhaoinithe Spriocdhírithe Fadtéarmach (TLTRO) ([5]) mar a mhol na bainc ceannais mar chuid den Líonra chun an Córas Airgeadais a Ghlasú agus mar a breithníodh san athbhreithniú ar straitéis BCE. Cuireann an ionstraim seo ar chumas BCE maoiniú fadtéarmach a thairiscint do bhainc, mar phríomhbhealach iasachtaithe san Eoraip, ar théarmaí tarraingteacha agus ar an gcaoi sin spreagann sé iasachtú bainc san fhíorgheilleagar. Dá bhrí sin, molann CESE iarrachtaí a dhéanamh laistigh de BCE ionstraim ghlas TLTRO a fhorbairt chun tacú leis an aistriú fuinnimh, gan dochar do phríomhchuspóir na cobhsaíochta praghsanna.

3.15. Ós rud é go bhfuil éifeachtaí suntasacha ag rialáil agus cistiú na ngréasán hidrigine ó thaobh athdháileadh agus maicreacnamaíochta de, ní mór do na geallsealbhóirí ábhartha a bheith rannpháirteach i bpróiseas daonlathach chun an rialachán agus an cistiú sin a shainiú. Ós rud é go ndéanfar líonraí gáis a thiontú ina líonraí hidrigine go minic, ní mór d'ionadaithe ó úsáideoirí gréasáin gáis – amhail na comhpháirtithe sóisialta – a bheith rannpháirteach. Ba cheart breathnú go criticiúil ar fhócas níos láidre ar chóid ghréasáin, mar a phléitear i gcomhthéacs phacáiste an mhargaidh inmheánaigh gáis, ós rud é nach bhfuil na geallsealbhóirí lena mbaineann rannpháirteach go leordhóthanach leis agus go dtugtar cumhacht iomarcach cinnteoireachta d'oibreoirí na ngréasán agus don Choimisiún. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an bpróiseas reatha a chuirtear i bhfeidhm in earnáil an gháis nádúrtha a chur i bhfeidhm in earnáil na hidrigine freisin. Féadfar an méid sin a bhaint amach trí na húdaráis náisiúnta rialála fuinnimh a chumhachtú ionas go ndéanfaidh siad maoirseacht ar an margadh hidrigine atá ag teacht chun cinn agus go ndéanfaidh siad athbhreithniú ar tharaifí hidrigine ó thaobh leas na dtomhaltóirí deiridh de.

([5]) *Targeting a sustainable recovery with Green TLTROs: Green, Targeted and Long-Term Refinancing Operations*, le Jens van 't Klooster and Rens van Tilburg, Positive Money Europe & Sustainable Finance Lab, Meán Fómhair 2020.

3.16. Measann CESE go bhfuil sé tábhachtach an t-ualach airgeadais a bhaineann le forbairt an bhonneagair hidrigine a chothromú ar an leibhéal réigiúnach. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, ar an gcéad dul síos, go n-íocfaidh gníomhairí idirthurais sciar iomchuí de chostais an bhonneagair píblíne. Ina theannta sin, ba cheart píblínte ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chistiú freisin, i bpáirt ar a laghad, le hacmhainní comhchoiteanna airgeadais. Ba cheart, dá bhrí sin, tacaíocht den sórt a chuirtear ar fáil faoi liosta na dtionscadal ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a leathnú. Ina theannta sin, ba cheart cistiú a chur ar fáil ag céim luath i bhforbairt tionscadal chun cur leis an seans cistiú margadhbhunaithe a thiomsú. Ní mór coinníollacha sochéiceolaíoch a urramú go hiomlán anseo. Chomh maith leis an ngá atá le critéir inbhuanaitheachta a chomhlíonadh, is mian le CESE tagairt a dhéanamh do na barúlacha a tugadh i bpointe 3.9.

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE